

Dúshláin ag Tabhairt Aghaidh ar Dhaoine Trasinscne

*Toirmiscítear aon idirdhealú bunaithe ar aon bhonn amhail gnéas... nó treoshuíomh gnéasach.
Cairt um Chearta Bunúsacha an AE (Airteagal 21)*

Tá an inscne (fireann nó baineann) a sanntar orainn go hoifigiúil ag am na breithe bunaithe ar ár gcuid gnéithe fisiceacha. Mar sin féin, tá seans nach mbeadh í siní gcomhoiriúint lenár bhféiniúlacht ghnéis – is é sin le rá, an tslí a mhothaímid agus a smaoinímid faoinár n-inscne. Is é is brí le duine trasinscne ná duine a léirigh agus/nó a léiríonn an fhéiniúlacht ghnéis atá aige ar bhealach difriúil ón bhféiniúlacht ghnéis a sannadh air ag an mbreith.

D'fhéadfadh duine trasinscne an fhéiniúlacht ghnéis atá aige a léiriú i mbealaí éagsúla. Chun athruithe fisiceacha níos buaine a dhéanamh d'fhéadfaí obráid nó cóireáil hormóin a úsáid. D'fhéadfadh é seo blianta fada a thógáil, agus gan athrú inscne ('athrú gnéis') iomlán i gceist i gcónaí. D'fhéadfaí féiniúlacht ghnéis a léiriú freisin trí éadaí agus cosmaidí (ar a dtugtar 'trasghléasadh' nó 'trasfheistíocht').

Ba cheart tabhairt faoi deara go dtugann daoine trasinscne aghaidh ar thrasfóibe agus idirdhealú ar bhonn a bhféiniúlachta gnéis agus ní gá gur de bharr a gclaonta ghnéasaigh é. Féadfaidh daoine trasinscne a bheith heitrihgnéasach, homaighnéasach nó déhgnéasach.

Cosaint ó idirdhealú

Buailtear daoine trasinscne le hidirdhealú, go minic ar scála níos mó ná leispiáigh, homaighnéasaigh agus déhgnéasaigh, go háirithe i réimse na fostaíochta. Tá sé níos dóchúla go gcasfar daoine trasinscne atá oscailte faoina bhféiniúlacht ghnéis sa láthair oibre ar chiapadh ó chomhghleacaithe agus d'fhéadfadh go mbeadh orthu dul sa tóir ar phost eile.

Cuireann dlí neamhidirdhealaithe an AE toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn gnéis sa láthair oibre. Tá sé áitithe ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach gur féidir duine trasinscne, a rinneadh idirdhealú ina choinne, a chosaint leis an toirmeasc ar idirdhealú gnéasach, más rud go bhfuil athrú inscne iomlán faighte acu nó má tá amhail ar bun acu. Mar sin féin, tá éiginnteacht ann go fóill i leith cibé an bhfuil cosaint ann do dhaoine trasinscne eile (iad siúd nach bhfuil imithe le haghaidh obráide nó nach bhfuil ag dul le haghaidh obráide).

Glacann na Ballstáit le cuir chuige éagsúla:

In 12 Bhallstát (an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an tSlóvaic, an Fhionlainn, agus an Ríocht Aontaithe) déileáiltear leis seo mar chineál d'idirdhealú gnéasach. Mar sin féin, de ghnáth ní thugtar cosaint shonrach do dhaoine trasinscne mar chatagóir iontu féin. Ina ionad sin is é cleachtas na gcúirteanna náisiúnta ná iad a áireamh mar idirdhealú gnéasach.

In 11 Bhallstát an AE (an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ghréig, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin), ní ghlactar le hidirdhealú trasinscne mar idirdhealú ar bhonn na hinscne nó ar bhonn an chlaonta ghnéasaigh. Tá sé éiginnte an bhfuil daoine trasinscne á gcosaint ó idirdhealú go páriteach nó in aon chor.

In 2 Bhallstát (an Ghearmáin, an Spáinn), glactar leis mar idirdhealú ar bhonn an chlaonta ghnéasaigh.

In 2 Bhallstát aithnítear foras sainiúil idirdhealaithe. San Ungáir is 'féiniúlacht ghnéis' í seo, sa tSualainn is 'léiriú nó féiniúlacht trasinscne' í.

An ceart chun inscne agus aitheantas dlíthiúil a athrú

Baineann an dara cheist a théann i bhfeidhm ar dhaoine trasinscne (iad siúd a thugann faoi athrú inscne) leis an gceart atá acu chun a n-inscne a athrú agus go dtabharfaí aitheantas oifigiúil dó seo. Tá sé áitithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine nach mór d'údarais:

- Cead a thabhairt do dhaoine aonair tabhairt faoi obráid athraithe inscne
- Aitheantas dlíthiúil a thabhairt don inscne athraithe agus an ceart chun duine den ghnéas eile a phósadh

Mar sin féin, tá fadhbanna fós ann:

- Gearrann formhór na mBallstát coinníollacha diana ar obráid, lena bhféadfaí comhairleoireacht agus údarú roimh ré a áireamh ina measc. I bPoblacht na Seice, mar shampla, ní mór go bhfaigheadh obráidí formheasadh ó choimisiún de chúigear, lena n-áirítear beirt dhochtúirí agus dlíodóir.
- Tá cheithre Bhallstát (Éire, Lucsamburg, an Laitvia agus Málta) nach dtugann aitheantas dlíthiúil fós don inscne athraithe nó don cheart chun pósadh.
- Leagann naoi mBallstát coinníollacha diana ar dhuine ar mian leo a réamhaimn a athrú, cosúil le fianaise míochaine a bheith de dhíth.
- Diúltaíodh maoiniú Stáit do bhreis agus 80% de dhaoine trasinscne ar rinneadh suirbhé orthu ar fud an AE i leith obráid agus/nó cóireáil hormóin agus tuairiscíodh go ndearna níos mó ná leath díobh maoiniú ar a gcuid cóireála féin.
- Ní theastaíonn ó go leor gairmithe sa tseirbhís sláinte a leithéid de chóir leighis a thairiscint nó tá easnamh eolais ábhartha orthu chun é sin a dhéanamh.

CEART UM CHOSAINT CHOMHIONANN

Ba cheart go gcuirfeadh dlí frithdirdhealaithe an AE toirmeasc sainráiteach ar idirdhealú ar bhonn na féiniúlachta gnéis. Ba cheart go dtabharfadh é seo cosaint dóibh siúd uile a léiríonn féiniúlacht ghnéis atá difriúil ón gceann a sanntar ag am na breithe cosúil le trasghléastóirí agus trasfheisteoirí seachas dóibh siúd amháin atá tar éis dul faoi obráid nó atá chun dul faoi obráid.

Tá an bhileoigín seo bunaithe ar dhá thuarascáil An Homafóibe agus an tIrdirdhealú ar fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE Cuid I – Anailís Dlíthiúil a foilsíodh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i mí an Mheithimh 2008 agus An Homafóibe agus an tIrdirdhealú ar fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE, Cuid II: An Scéal ó thaobh Cúrsaí Sóisialta a foilsíodh i mí an Mhárta 2009.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: <http://fra.europa.eu>

Is féidir gach foilseachán ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a ordú saor in aisce trína suíomh gréasáin.

I gcás ceisteanna maidir leis an aistriúchán seo téigh i gcomhairle le do thoil leis an leagan Béarla, atá mar bhunleagan agus leagan oifigiúil na cáipéise seo.